Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Samhain 2025**
**(OR. en)**

**15594/25**

**TELECOM 409**
**COMPET 1181**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Forfheidhmiú an Ghnímh um Sheirbhísí Digiteacha maidir le hardáin ar líne agus maidir leis an ríomhthráchtáil<br>– Seisiún tuairimíochta |

In oirchill na Comhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh (TELECOM) an 5 Nollaig 2025, gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, an nóta cúlra ón Uachtaránacht maidir le forfheidhmiú an Ghnímh um Sheirbhísí Digiteacha maidir le hardáin ar líne agus ríomhthráchtáil.

**PLÉPHÁIPÉAR**

# Forfheidhmiú an Ghnímh um Sheirbhísí Digiteacha maidir le hardáin ar líne agus maidir leis an ríomhthráchtáil

Cruinniú den Chomhairle Teileachumarsáide

An Bhruiséil, 5 Nollaig 2025

Le blianta beaga anuas, tá mear-leathnú na n-ardán ar líne agus na ríomhthráchtála trasteorann tar éis athmhúnlú ó bhonn a dhéanamh ar fheidhmiú an Mhargaidh Aonair. Tá na margaí ar líne anois ina bpríomhphointe rochtana ag tomhaltóirí, mionaoisigh san áireamh, agus tá méadú ag teacht ar sciar na n-earraí a sholáthraíonn trádálaithe atá bunaithe lasmuigh den Aontas Eorpach. Leis an éabhlóid seo, tá deiseanna eacnamaíocha nua ann ach má tá, is léir go bhfuil síordhúshláin rialála agus forfheidhmiúcháin ann freisin.

Lenar thit amach le deireanas, tugadh na dúshláin sin go mór chun suntais. I roinnt mhaith Ballstát, fuair na húdaráis amach go raibh ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí, airm de chatagóir A agus táirgí íocshláinte ar oideas amháin le fáil ar ardán Shein gan srianta éifeachtacha a bheith ar a rochtain. Tuairiscíodh go raibh a leithéid chéanna ag tarlú ar ardáin tríú tír eile atá gníomhach sa mhargadh aonair. D'fhéadfadh sé gur léiriú iad na cásanna sórt sin ar easnaimh shuntasacha i mbainistiú na rioscaí sistéamacha agus d'fhéadfadh sé a bheith á thabhairt le fios acu nach bhfuil comhlíonadh phríomhcheanglais dhlí an Aontais á áirithiú ag ardáin áirithe. I bhfianaise chineál trasteorann na ríomhthráchtála agus a thapa agus a scaiptear ábhar neamhdhleathach agus táirgí neamhshábháilte ar fud an Aontais, is gá freagairt chomhordaithe Eorpach a bheith ann .

Sa Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha (GSD), leagtar amach na hoibleagáidí cuimsitheacha atá ar ardáin ollmhóra ar líne, oibleagáidí lena gcumhdaítear measúnuithe riosca, bearta maolaithe agus grinnfhiosrúcháin ar thrádálaithe. Uirlis chothrománach rialála atá ann chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh na hardáin ollmhóra ar líne na freagrachtaí atá orthu. Mar sin féin, thabharfadh na cásanna a bhí le gairid ann le fios nach bhfuil forfheidhmiú ar fud na réimsí rialála ábhartha comhtháite go leor fós. Is minic gur ar a gconlán féin a oibríonn na húdaráis atá freagrach as maoirseacht GSD, sábháilteacht táirgí, faireachas margaidh, cosaint tomhaltóirí agus custaim, cé go bhfuil na hardáin atá i gceist bainteach leis na réimsí sin go léir.

Sa teachtaireacht ríomhthráchtála ón gCoimisiún i mí Feabhra 2025, leagadh béim ar an ngá atá le forfheidhmiú iomlánaíoch. Leis an méid a tharla le gairid, is léir a thábhachtaí atá sé comhordú a neartú idir an Bord Eorpach um Sheirbhísí Digiteacha, an Gréasán um Chomhar ar mhaithe le Cosaint Tomhaltóirí (CPC), an Gréasán Eorpach um Chomhlíonadh Táirgí (EUPCN), na húdaráis chustaim agus comhpháirtithe oibríochtúla eile. Is gá creat níos comhleanúnaí agus níos idir-inoibrithí a bheith ann chun gníomhaíocht thráthúil, éifeachtach a áirithiú, chun tomhaltóirí, go háirithe mionaoisigh, a choimirciú, agus chun cothrom iomaíochta sa Mhargadh Aonair a chaomhnú.

I bhfianaise an mhéid sin, iarrtar ar na Ballstáit a marana a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfaí ionstraimí agus creataí an Aontais atá ann cheana a ghiaráil ar bhealach níos éifeachtaí chun forfheidhmiú comhchoiteann éifeachtach a áirithiú.

Ceisteanna leis an bplé a threorú:

- *An aontaíonn sibh gur údar imní iad na hardáin ríomhthráchtála tríú tíortha a oibríonn laistigh de mhargadh aonair an Aontais?*
- *Conas is féidir leis na Ballstáit agus leis an gCoimisiún comhordú níos fearr a áirithiú idir an mhaoirseacht ar an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha, sábháilteacht táirgí, faireachas margaidh, custam agus cosaint tomhaltóirí, chun a chinntiú go mbeidh freagairt chomhleanúnach éifeachtach ón Aontas ar na dúshláin atá á dtabhairt ag na hardáin ríomhthráchtála.*
- *I bhfianaise na ndúshlán atá ag teacht i gceist arís agus arís eile ar na hardáin ríomhthráchtála, an gá athmheasúnú a dhéanamh ar an díolúine ó dhliteanas do sholáthraithe ardáin tríú tír agus iad a dhéanamh níos freagraí as na hearraí a dhíoltar ar a gcuid ardán?*